RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/253 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Feabhra 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gCinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle ([2]) sainaithnítear na daoine agus na heintitis a bhfuil feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5 den Chinneadh sin.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 tugtar éifeacht don Chinneadh sin a mhéid atá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 na daoine agus na heintitis arna gcumhdach ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(3) An 18 Feabhra 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/258 ([3]) lena leasaítear na hiontrálacha maidir le beirt atá ar liosta na ndaoine agus na n-eintitis atá faoi réir bearta sriantacha agus lena mbaintear duine amháin den liosta sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin
Ard-Stiúrthóir

An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,
Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 55, 24.2.2004, lch. 1.
([2]) Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siombáibe (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6).
([3]) Cinneadh (CBES) 2021/258 ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siombáibe (féach leathanach 51 den Iris Oifigiúil seo).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn III, roinn I, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha na ndaoine a liostaítear thíos:

"(5) CHIWENGA, Constantine	Leas-Uachtarán IarCheannasaí Fhórsa Cosanta na Siombáibe, Ginearál ar scor, a rugadh 25.8.1956 Uimhir an phas AD000263 ID 63-327568M80	Leas-Uachtarán agus IarCheannasaí Fhórsa Cosanta na Siombáibe. Comhalta de Cheannas Comhpháirteach Oibríochtaí agus comhpháirteach i mbeartas tíoránta an Stáit a cheapadh nó a chur chun feidhme. D'imscar sé an t-arm le feirmeacha a choigistiú. Le linn thoghcháin 2008 ar siúl, bhí sé ar dhuine de phríomhghríosóirí an fhoréigin a bhain le toghchán réitigh na huachtaránachta."
"(7) SIBANDA, Phillip Valerio (dá ngairtear Valentine freisin)	Ceannasaí Fhórsa Cosanta na Siombáibe IarCheannasaí Arm Náisiúnta na Siombáibe, Ginearál, a rugadh 25.8.1956 nó 24.12.1954 ID 63-357671H26	Ceannasaí Fhórsa Cosanta na Siombáibe agus IarCheannasaí Arm Náisiúnta na Siombáibe. Oifigeach airm sinsearach a bhfuil ceangal aige leis an Rialtas agus a bhí comhpháirteach i mbeartas tíoránta an Stáit a cheapadh nó a chur chun feidhme."

(2) Scriostar an iontráil seo a leanas:

"(6) Shiri, Perence (dá ngairtear Bigboy freisin) Samson Chikerema	Aer-Mharascal (Aerfhórsa) A rugadh 1.11.1955 ID 29-098876M18	Oifigeach sinsearach míleata agus comhalta de Cheannas Comhpháirteach Oibríochtaí ZANU-PF agus comhpháirteach i mbeartas tíoránta an Stáit a cheapadh nó a chur chun feidhme. Bhí baint aige le foréigean polaitiúil, lena n-áirítear le linn thoghcháin 2008 in Mashonaland West in Chiadzwa."